Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2017**
**(OR. en)**

**12244/17**
**ADD 3**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0228 (COD)**

**TELECOM 213**
**COMPET 615**
**MI 637**
**DATAPROTECT 143**
**JAI 791**
**IA 141**
**CODEC 1407**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meán Fómhair 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2017) 305 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad TOGRA LE HAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat le haghaidh saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta san Aontas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2017) 305 final.

Faoi iamh: SWD(2017) 305 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.9.2017
SWD(2017) 305 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**TOGRA LE HAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le creat le haghaidh saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta san Aontas Eorpach**

{COM(2017) 495 final}
{SWD(2017) 304 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair i dtaca leis an *togra reachtach maidir le creat le haghaidh saorshreabhadh sonraí san Aontas Eorpach*. |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| San Aontas Eorpach tá an bonn á bhaint ón bhféidearthacht geilleagar sonraí a thógáil agus leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua a bhraitheann ar shonraí, de dheasca bacainní ar shoghluaisteacht sonraí, rud a mbíonn éifeacht aige ar ghnólachtaí agus ar a n-oibríochtaí sa mhargadh aonair. Sa chomhthéacs sin, aithníodh gurb iad na constaicí atá roimh shoghluaisteacht sonraí i margadh aonair an Aontais Eorpaigh an phríomhfhadhb. Is iad na cúiseanna atá leis an bhfadhb sin srianta logánaithe ó thaobh na reachtaíochta agus an riaracháin de; logánú sonraí a bhfuil éiginnteacht dhlíthiúil agus easpa muiníne sa mhargadh ag gabháil leis; cleachtais ghaibhniúcháin i dtaca le díoltóirí, a chuireann isteach ar shoghluaisteacht sonraí i dtaobh soláthraithe stórála sonraí agus/nó seirbhísí eile próiseála agus i dtaobh córais ríomhaireachta. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is é is cuspóir don tionscnamh margadh inmheánach níos iomaíche agus níos comhtháite a bhaint amach san Aontas Eorpach maidir le seirbhísí agus gníomhaíochtaí stórála sonraí agus/nó seirbhísí agus gníomhaíochtaí próiseála eile. Go sonrach, ciallaíonn sin go ndéanfar líon agus raon feidhme na srianta logánaithe sonraí a laghdú agus deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú; infhaighteacht trasteorann sonraí chun críocha rialú rialála a éascú; feabhas a chur ar na coinníollacha faoinar féidir le húsáideoirí aistriú ó sholáthraí seirbhíse stórála agus/nó próiseála sonraí amháin go soláthraí seirbhíse stórála agus/nó próiseála sonraí eile agus faoinar féidir leo a sonraí a phortáil ar ais chuig a gcórais ríomhaireachta féin; slándáil stórála agus/nó próiseála sonraí trasteorann a fheabhsú agus an mhuinín sa stóráil nó próiseáil sin a fheabhsú. |
| **Cad é an breisluach atá le bearta a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Má thógtar geilleagar iomaíoch sonraí san Eoraip, beifear in ann leas a bhaint as barainneachtaí scála agus as stóráil agus próiseáil sonraí ar bhonn trasteorann san Aontas. Ní fhéadfaí an deimhneacht dhlíthiúil is gá chun an gnó sin a dhéanamh ar fud an Aontais ná ní fhéadfaí an easpa sa mhuinín is gá chun earnáil rathúil stórála agus/nó próiseála sonraí a réiteach, ní fhéadfaí iad sin a bhaint amach le beart ar leibhéal na mBallstát. Chuideodh idirghabháil ar leibhéal an Aontais freisin chun stóráil shábháilte a fhorbairt le haghaidh sonraí san Aontas ar fad. |

| B. Réitigh |
|---|
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| **Rogha 0 - Cás Bunlíne** Ní bheadh aon athrú ar bheartais an Aontais Eorpaigh i gceist leis an rogha seo.<br><br>**Rogha 1 – Tionscnaimh neamhreachtacha** Faoin rogha seo chuirfí treoirlínte ar fáil maidir le forfheidhmiú níos fearr na n-ionstraimí de chuid an Aontais atá ann cheana i dtaca le srianta logánaithe sonraí arna bhforchur ag na Ballstáit. Ba cheart infhaighteacht chun críocha rialú rialála a éascú i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm ag na Ballstáit cheana. A bhuí le treoirlínte ar leibhéal an Aontais maidir le dea-chleachtais, ba cheart go n-éascófaí an t-aistriú ó sholáthraí néalseirbhíse amháin go soláthraí néalseirbhíse eile mar aon leis an bportáil sonraí chuig soláthraí seirbhíse eile nó ar ais |

chuig a gcórais ríomhaireachta féin.

**Rogha 2 – Creat reachtach prionsabailbhunaithe maidir le comhar agus tionscnaimh** Bhunófaí leis an rogha seo prionsabal saorshreafa sonraí laistigh den Aontais, rud a chuirfeadh cosc ar bhearta logánaithe sonraí gan údar, ach amháin dá mbeadh údar leo ar fhoras na slándála náisiúnta, agus lena gceanglófaí fógra a thabhairt faoi aon bheart nua maidir le logánú sonraí. Bheadh ar chuideachtaí a stórálann agus/nó a phróiseálann a sonraí i mBallstát eile sonraí a chur ar fáil d'údarás rialála dá n-iarrfaí sin i gcomhréir leis an dlí. Ba cheart caoi a thabhairt aistriú ó sholáthraí néalseirbhíse amháin go soláthraí néalseirbhíse eile agus sonraí a phortáil chuig soláthraí nua nó ar ais chuig córais ríomhaireachta na n-úsáideoirí agus ba cheart caighdeáin choiteanna agus/nó scéimeanna deimhniúcháin a chur chun cinn, trí bhíthin forálacha tiomnaithe, le haghaidh slándáil stórála agus/nó próiseála sonraí. Ba cheart malartú agus comhar i dtaca le forbairt cineálacha cur chuige coiteann agus dea-chleachtais a éascú mar aon le cur chun feidhme éifeachtach na bprionsabal arna dtabhairt isteach a bhuí le pointí teagmhála aonair arna n-ainmniú ag na Ballstáit agus ag grúpa beartais uile-Eorpach atá comhdhéanta de na pointí teagmhála sin.

**Rogha mhalartach: – Forogha 2a –** in ionad foráil reachtach agus comhrialáil maidir le sonraí a phortáil, bheartófaí leis an bhforogha seo cur chuige féinrialála chun feabhas a chur ar na coinníollacha i dtaca le sonraí a phortáil tráth a aistríonn úsáideoirí ó sholáthraí seirbhíse amháin go soláthraí eile nó tráth a dhéanann siad sonraí a phortáil ar ais chuig a gcórais TF féin, lena n-áirítear na próisis, na tráthchláir agus na muirir a bhféadfadh feidhm a bheith acu. Maidir leis an réimse ina ndéanfar idirghabháil i dtaca le sonraí a stóráil agus a phróiseáil, d'áireofaí leis an bhforogha an soiléiriú go leanfadh aon cheanglais slándála is infheidhme de bheith i bhfeidhm maidir le húsáideoirí gnó nuair a stórálann siad nó nuair a phróiseálann siad sonraí a bhaineann leo i mBallstáit eile de chuid an Aontais, agus freisin nuair atá sé sin faoi réir a sheachfhoinsithe, i gcás soláthraí néalseirbhísí cuir i gcás.

**Rogha 3 – Tionscnamh reachtach mionsonraithe.** Leis an rogha seo, bhunófaí rialacha lán-chomhchuibhithe maidir le ceanglais i dtaca le suíomh stórála sonraí (liostaí dubha nó bána). Le creat comhair éigeantach, d'fhéadfaí rochtain trasteorann ar shonraí ábhartha d'údaráis rialála a fhorfheidhmiú. Bheadh sé d'oibleagáid ar sholáthraithe néalseirbhísí portáil sonraí a éascú agus na próisis, na ceanglais theicniúla agus na costais lena mbaineann a nochtadh ar bhealach atá mionsonraithe a dhóthain. D'fhorbrófaí caighdeáin choiteanna agus scéim deimhniúcháin Eorpach ar leith i dtaca le sonraí a stóráil agus/nó sonraí a phróiseáil do na néalseirbhísí a chuirfí ar fáil.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Thug 61.9 % de na freagróirí sa chomhairliúchán poiblí gur cheart deireadh a chur le srianta logánaithe sonraí agus bhí 55.3 % den tuairim gur cheart cur chuige reachtach a úsáid chun é sin a dhéanamh. I litir a cuireadh chuig an Uachtarán Tusk, d'iarr 16 Bhallstát go sainráite go mbeadh cur chuige reachtach ann. Dealraíonn sé, mar sin, gur fearr leis na páirtithe leasmhara, ar mhaithe le soiléire agus deimhneacht, cur chuige reachtach (Rogha 2 nó Rogha 3) chun aghaidh a thabhairt ar shrianta logánaithe sonraí agus ar infhaighteacht sonraí chun críocha rialú rialála. Léiríonn an fhianaise, áfach, nár cheart do ghníomh reachtach maidir le slándáil sonraí, aistriú ó sholáthraí seirbhíse amháin go soláthraí eile agus sonraí a phortáil a bheith ró-mhionsonraithe toisc go bhféadfaí éifeachtaí frith-thairgiúla a bheith mar thoradh air. Bunaithe ar an bhfianaise a bailíodh, is fearr le húsáideoirí gairmiúla seirbhísí stórála agus próiseála sonraí an Aontais Rogha 2 nó Rogha 3, ach is fearr le soláthraithe néalseirbhísí Rogha 2a. Is fearr le húdaráis phoiblí na mBallstát Rogha 2.

## C. Tionchair na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann do rogha thosaíochta; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Áiritheoidh an rogha seo go gcuirfear deireadh le srianta ar logánú nach bhfuil údar maith leo agus go seachnófar srianta den sórt sin amach anseo trí phrionsabal follasach dlí a leagan síos maille le

hathbhreithniú ar nósanna imeachta. De thoradh feasacht a mhéadú maidir leis na prionsabail dlí a leagtar síos sa Rialachán, cuirfear leis an deimhneacht dhlíthiúil sa mhargadh freisin. Thairis sin, trí tharraingt suas cód iompair a spreagadh maidir le malartú idir soláthraithe agus portáil sonraí, fágfar an margadh inmheánach níos iomaíche i gcás soláthraithe néalseirbhísí.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann do rogha thosaíochta; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Is iad na costais airgeadais a thiocfaidh as an tionscnamh, cé go bhfuil siad measartha, is mó a dhéanfaidh difear do soláthraithe seirbhísí stórála sonraí agus próiseála. D'fhéadfadh méadú a theacht ar chostais chomhlíonta de thoradh anailís dhlíthiúil, dréachtú clásal eiseamláireach nua le haghaidh conarthaí chun soláthraí (néal)seirbhísí stórála sonraí agus próiseála a mhalartú, tarraingt suas cód iompair, socrú caighdeán etc. Ar na costais bhreise bheadh na costais a bhainfeadh le hascnamh sonraí iarchustaiméirí chuig suíomh nua agus cailleadh sciar den mhargadh de dheasca iomaíocht soláthraithe eile/nua néalseirbhísí.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Tá gnólachtaí nuathosaithe agus FBManna go mór i bhfách le gníomh reachtach maidir le saorshreabhadh sonraí chun feabhas a chur ar an deimhneacht dhlíthiúil agus ar an malartú, óir d'fheicfidís laghdú díreach ar chostais dá bharr agus ba iomaíche a suíomh sa mhargadh dá réir sin. Ar na costais shonracha a d'fhéadfaí a sheachaint tá costais a bhaineann le dúbailt bonneagair TF, e.g. an FBM a bheadh gníomhach i roinnt Ballstát agus feidhm ag srianta logánaithe sonraí i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit sin.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid agus ar chórais riaracháin náisiúnta?**

Beidh ualach riaracháin measartha i gceist d'údaráis phoiblí na mBallstát de thoradh leithdháileadh acmhainní daonna le haghaidh an chomhair struchtúrtha idir na Ballstáit sna pointí aonair teagmhála, agus de thoradh chomhlíonadh phróiseas fógra agus athbhreithnithe an tsásra trédhearcachta dá bhforáiltear sa Treoir maidir le trédhearcacht sa mhargadh aonair. Ar an iomlán, d'fhéadfadh meánchostas bliantúil EUR 34.539 in aghaidh an Bhallstáit a bheith ann dá bharr sin.

**An mbeidh tionchair shuntasacha eile ann?**

Beidh. Imreofar tionchar ginearálta dearfach ar an bhforbairt eacnamaíoch, toisc go bhfeabhsófar geilleagar sonraí na hEorpa agus toisc go ndéanfar an margadh níos iomaíche maidir le seirbhísí stórála sonraí agus próiseála. D'fhéadfadh laghdú teacht ar chostais lucht gnó dá thoradh sin, mar shampla. Thiocfadh laghdú ar na costais atá ann cheana i gcás úsáideoirí gnólachtaí, de thoradh an tionscnaimh. D'fhéadfadh sé gurbh éard a bheadh sna laghduithe costais sin na laghduithe costais a d'fheicfeadh gnólachtaí a bhainfeadh úsáid as seirbhísí stórála sonraí agus próiseála, agus a d'fheicfeadh gnólachtaí a fheidhmíonn thar theorainneacha, nó gnólachtaí a mbeadh sé beartaithe acu é sin a dhéanamh amach anseo, agus costais níos ísle ag baint le lainseáil táirgí nó seirbhísí nua.

## D. Obair Leantach

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

D'fhéadfaí meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh 5 bliana tar éis tús a bheith curtha le cur i bhfeidhm na rialacha. Cuirfear an mheastóireacht sin i gcrích i ndlúthchomhar le pointí teagmhála aonair na mBallstát agus ag brath ar an bhfaisnéis a chuirfidh siad ar fáil.